

RABHADH

Ná déan dearmad an chuid seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.
Mura ndéanann tú sin caillfidh tú marcanna.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004

EOLAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

(N.B. Ní d'Iarrthóirí Eolaíocht – Staidéar Áitiúil é seo)

DÉARDAOIN, 17 MEITHEAMH – IARNÓIN, 2.00 go 4.30

ROINN A (144 marc) LE FREAGAI RT AG GACH IARRTHÓIR.

(Féach bileog ar leith le haghaidh Ranna B, C, D agus E.)

Freagair *gach* ceann de na ceisteanna 1, 2 agus 3. Tá **DEICH** gcuid i ngach ceist. Freagair **OCHT** gcuid ar bith acu. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc. Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh. Cuir ar ais an Roinn seo den scrúdpháipéar. Cuir isteach í sa fhreagarleabhar ina bhfreagraíonn tú na Ranna eile.

1. Freagair **ocht** **gcinn** díobh seo a leanas, (a), (b), (c), etc.

- (a) Aimsíodh gurbh é toirt céad braon uisce ó sconna ná 20 cm^3 .
Ainmnigh urlis arbh fhéidir a úsáid chun toirt an uisce a thomhas.
Cad é toirt aon bhraoin amháin uisce?




Ainm na huirlise _____

Toirt aon bhraoin amháin _____

[Thall


- (b) Is é meáchan an chailín ná 500 newton.
 Tá sí ar a cothrom ar chlár atá 1.5 méadar
 (150 cm) ó fhalla.
 Ag glacadh leis an bhfalla mar bhuthal, ríomh
 móimint an fhórsa atá á chur ag an gcailín ar
 an gclár.




- (c) Cén fáth a bhforbraíonn boilgeoga gáis de réir mar a éiríonn siad go dtí
 dromchla locháin?

- (d) Tabhair **dhá** shlí chun cailliúint teasa ó theach a laghdú.

An chéad slí _____



An dara slí _____




- (e) Léiríonn an léaráid stíall dhémhíotalach. Cén fáth
 a lúbann an stíall nuair a
 théitear í? Luaiigh úsáid
 leis an stíall dhémhíotalach.

Cén fáth? _____


Úsáid _____

- (f) Nuair a chuirtear ciúbanna lic oighir ag 0°C le deoch,
 is mó an fuarú a thugann siad di ná dá gcuirfí an toirt
 chéanna d'uisce leachtach léi ag 0°C . Mínigh cén fáth
 gur mar seo a bhíonn an scéal.



Míniú _____

- (g) Léiríonn an léaráid dhá thonn agus iad ag gluaiseacht leis an treolusas céanna. Cé acu tonn díobh ag a bhfuil an mhinicíocht is airde?




Tonn _____

Tabhair cúis le do fhreagra.

Cúis _____

- (h) Cén fáth a gcuirtear fiúsanna le plocóidí fearas tí? Roghnaigh an *fiús cuí* don *chiteal* a léirítear as rogha fiúsanna 2 A, 5 A nó 13 A. Is é an soláthar leictreachais tí ná 230 volta.



Cén fáth? _____

Fiús oiriúnach don chiteal _____

- (i) Conas a dhéantar macallaí?

- (j) Cén cineál fuinnimh *a ghineann* tintreach?

Cineál fuinnimh _____

Cén fáth a bhfeicimid an splanc de ghnáth sula gcloisimid an toirneach?




(8 × 6)

[Thall

2. Freagair **ocht gcinn** díobh seo a leanas, (a), (b), (c), etc.

- (a) Ainmnigh an **dá** phíosa de ghaireas saotharlainne a mbaintear úsáid astu sa léaráid.



Píosa **A** _____

Píosa **B** _____

- (b) Cad a thugtear le *himoibriú inteirmeach*?
-
-

Tabhair sampla *d'imoibriú inteirmeach*.


- (c) Ainmnigh an píosa gairis a bhfuil an lipéad **A** air sa léaráid.

Píosa gairis **A** _____

Bhí leachtanna domheascha **B** agus **C** in **A** ar dtús.

Abair cé na leachtanna a d'fhéadfadh a bheith i gceist le **B** agus **C**.

Leachtanna **B** agus **C** _____



- (d) Ainmnigh substaint a n-athraíonn a dath nuair a nochtar í i láthair gal uisce.
Luaigh an t-athrú datha a tharlaíonn don tsubstaint ainmnithe.

Ainm _____

Athrú datha _____

- (e) Is scátalaí locháin an fheithid a léirítear sa léaráid.
Is féidir leis an bhfeithid seo ‘siúl ar uisce’. Ainmnigh
airí an uisce a chuireann ar chumas na feithide é seo
a dhéanamh.




Ainm _____

- (f) Mínigh an téarma *creimeadh* nuair a bhíonn miotail i gceist.
-
-

- (g) Ainmnigh an próiseas atá ag tarlú sa turgnamh a léirítear sa léaráid.

Próiseas _____

Cad a tharlaíonn don scragall copair sa turgnamh seo? _____



Tuaslagán de shulfait chopair

- (h) Luaigh **dhá** shlí ina n-íonghlantar uisce sula seoltar trí phíopaí isteach in ár dtithe é.

An chéad slí _____

An dara slí _____

- (i) Déan cur síos ar thástáil a d’fhéadfá a chur i gcrích chun a thaispeáint go bhfuil sampla uisce *crua*.
Tabhair toradh na tástála.

Tástáil _____

Toradh _____

- (j) Scaoiltear gáis isteach san atmaisféar ar féidir leo díobháil a dhéanamh don phlainéad againne nuair a dhóitear breoslaí iontaise. Ainmnigh **ceann amháin** de na gáis seo agus luaigh éifeacht dhíobhálach atá aige ar ár dtimpeallacht.

Gás _____

Éifeacht dhíobhálach _____

(8 × 6)

[Thall]

3. Freagair **ocht gcinn** díobh seo a leanas, (a), (b), (c), etc.


- (a) Tabhair **dhá** úsáid éagsúla a bhainfeadh ainmhí as an bhfuinneamh a ghintear ina chillíní trí riospráid.

Úsáid a haon _____

Úsáid a dó _____

- (b) Réitigh dalta an turgnamh planda a léirítear sa léaráid. Cad é feidhm na hola? Cén fáth a dtiteann leibhéal an uisce le himeacht ama?

Feidhm na hola _____



An chúis a thiteann leibhéal an uisce _____


- (c) Tabhair **sampla amháin** den tstí ina ndéanann ainmhí ainmnithe é féin a oiriúnú dá thimpeallacht.

Ainm an ainmhí _____

Oiriúnú _____

- (d) Léiríonn an léaráid síol mine buí ag péacadh. Cén fáth a bhfásann péacán an tsíl suas nuair a fhásann a phréamh síos?

Cén fáth? _____




- (e) Ainmnigh **dhá** chineál d'fhíochán iompair a fhaightear i bplandaí.

Fíochán a haon _____

Fíochán a dó _____

- (f) Cén t-orgán, in ár gcorp, a mbíonn líon mór den mhír atá léirithe sa léaráid ann?
 Luigh aon athrú amháin a tharlaíonn san fhuil de réir mar a ghluaiseann sí tríd an ngréasán ribeach a léirítear.

Orgán _____



Athrú _____

- (g) Cén fheidhm atá ag *húmas* i gcúrsaí ithreach? Mínigh an téarma 'láisteadh' nuair a chuirtear i bhfeidhm ar ithir é.

Feidhm húmais _____


Láisteadh _____

- (h) Ainmnigh ciseal na gcillíní a bhfuil an lipéad A luate leis.

Ainm A _____

Luigh feidhm B.

Feidhm B _____



- (i) Idirdhealaigh idir *ballnascanna* agus *teannáin*.

Ballnascanna _____

Teannáin _____

- (j) Léirigh, ag baint úsáide as X, ar an léaráid de chairéad an chaoi ina gcuireann an planda seo formhór a chuid bia i dtaisce. Ainmnigh carbaihiodráit a chuireann plandaí i dtaisce go coitianta.

Ainm _____



(8 × 6)